



## Central Statistics Office An Phríomh-Oifig Staidrimh

### Press Statement Preas Ráiteas

#### Daonáireamh 2006 – Imleabhar 7 - Príomhstádas Eacnamaíoch agus Tionscail

##### Rannpháirtíocht is airde sa lucht oibre i Sord<sup>1</sup>

De na bailte agus na cathracha le daonra de níos mó ná 10,000 sa bhliain 2006, bhí an céatadán ab airde (75.3%) dá dhaonra 15 bliana d'aois agus níos sine sa mhargadh oibre ag Sord i bhFine Gall.

Tá an t-eolas seo ar fáil i nDaonáireamh 2006 Imleabhar 7 – Príomhstádas Eacnamaíoch agus Tionscail, a thugann tuilleadh mionthorthaí maidir leis an daonáireamh a tógadh ar an 23 Aibreán 2006. Tugann an tuairisc na figiúirí deireanacha daonra rangaithe de réir na dteideal seo a leanas:- stádas eacnamaíoch, rannóg tionsclaíoch, stádas fostaíochta agus uaireanta oibrithe do na ranna tíre sonraithe sa tír. (Féach nóta an eagarthóra).

Bhí rátaí ársa rannpháirtíochta sa lucht oibre san Uaimh (72.2%), i mBaile Brigín (72%) agus sa Nás (71.9%) agus bhí sé seo le feiceáil ag leibhéal réigiúnda leis an réigiún Lár-Oirthir (66.5%) ag barr na gceantar údarais áitiúil i dtobh rannpháirtíochta sa lucht oibre. Bhí céatadán níos airde ag ceantair uirbeacha (63.9%) dá ndaonra daoine fásta sa lucht oibre ná mar a bhí ag ceantair tuaithe (60.3%) agus ag leibhéal an Stáit b'é 62.5% an céatadán cuí sin.

<sup>1</sup> Déantar an ráta rannpháirtíochta sa lucht oibre (daoine atá fostaithe, ag lorg oibre rialta don chéad uair agus daoine atá dífhostaithe) a áireamh tríd an lucht oibre a chur in iúl mar chéatadán den iomlán.

##### Dífhostaíocht is airde i mBéal an Átha

Bhí an ráta ab airde dífhostaíochta<sup>2</sup> i mBéal an Átha Co Mhaigh Eo i measc bailte móra na hÉireann, le 15.8% dá lucht oibre gan aon obair. Bhí dífhostaíocht ard i dTrá Lí (14.2%) agus i nDún Dealgan (13.9%) ag am an daonáirimh sa bhliain 2006 agus ar an lámh eile bhí Mullach Íde (4.3%) agus Léim an Bhradáin (4.4%) leis na rátaí ab ísle. Déanadh an ráta dífhostaíochta a áireamh ag baint úsáide as na freagraí a tugadh i nDaonáireamh 2006 ar an gceist a bhain le Príomhstádas Eacnamaíoch. 8.5% a bhí an ráta náisiúnta le dífhostaíocht níos airde i gceantair uirbeacha (9.5%) ná mar a bhí i gceantair tuaithe (6.9%).

<sup>2</sup> 4.3% a bhí an ráta oifigiúil dífhostaíochta sa dara ráithe den bhliain 2006 mar a thomhais an Suirbhé Náisiúnta Teaghlaigh Ráithiúil ag baint úsáide as critéir na hEIS.

##### An céatadán is airde oibrithe óstáin i gCill Áirne

De na bailte agus cathracha le daonra de níos mó ná 10,000 sa bhliain 2006 bhí an céatadán ab airde dá oibrithe (22.3%) ag Cill Áirne ag plé le tionscal na n-óstán. Ina dhiaidh sin a bhí Cill Chainnigh (10.5%).

Bhí níos mó ná duine as gach cúigear oibrithe i gCathair Luimní, i gcathair Phort Láirge, i gCluain Meala, i gCarraig Uí Leighin agus i Mainistir na Corann ag plé leis an déantúsaíocht le meánfhigiúr náisiúnta de 12.6%.

Tuilleadh /...

Information Section  
Central Statistics Office, Skehard Road, Cork

Tel 021 453 5000 Fax 021 453 5555  
01 498 4000 Website <http://www.cso.ie>  
LoCall 1890 313 414 Email [info@cso.ie](mailto:info@cso.ie)

Roinn Eolas  
An Phríomh-Oifig Staidrimh, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaigh

Teil 021 453 5000 Faics 021 453 5555  
01 498 4000 An Domhan <http://www.cso.ie>  
GlaoÁitúil 1890 313 414 Ríomhphost [info@cso.ie](mailto:info@cso.ie)

I Sord (13.2%) agus i mBaile Brigín (10.1%) a bhí an líon ab airde oibríthe i dtionscal an iompair agus bhí níos mó ná duine amháin as gach deichniúr oibríthe a raibh cónaí orthu i Mullach Íde agus sna Clocha Liatha ag obair i mbainc agus sna seirbhísí airgeadais.

### **Fir is mó ag plé le tionscal na tógála**

Fireannaigh a bhí i níos mó ná naonúr as gach deichniúr oibríthe i dtionscail na tógála, na cosanta, na feirmeoireachta agus na mianadóireachta agus ba baineannaigh ba mhó a bhí ag plé leis an ngruagaireacht (90%), le bunscolaíocht (86.6%) agus le hobair shóisialta (85%).

### **Rugadh níos mó ná aon trian d'oibríthe Turasóireachta thar lear**

Rugadh beagnach 36,000 oibríthe i rannóg na n-óstán agus na mbialann (36.6%) sa bhliain 2006 taobh amuigh d'Éirinn. Bhí an chéad chéatadán ab airde eile d'oibríthe neamh Éireannacha ag plé le gníomhaíochtaí gnó agus le déantúsaíocht, le níos mó ná 20% ag gach ceann acu. Sa rannóg tógála rugadh 19.3% d'oibríthe taobh amuigh den stát.

I dtéarmaí iomlána, bhí an líon ab airde daoine nár rugadh in Éirinn ag obair sa déantúsaíocht (49,000), le trádáil mórhdhíola agus miondhíola (44,000) agus tógáil (40,800) ina dhiaidh sin.

### **Nóta an Eagarthóra**

Tá achoimre ag leibhéal Stáit de na sonraí in Imleabhair 7, 8 agus 10 go 12 de na tuairiscí sonraithe daonáirimh ar fáil san fhoilseachán *Daonáireamh 2006 – Príomhthorthaí Socheacnamaíocha*, a foilsíodh ar an 21 Meitheamh 2007. Tá figiúirí maidir le stádas eacnamaíoch agus tionscail ag leibhéal níos sonraithe geografach ar fáil san fhoilseachán atá á fhoilsiú inniu, Imleabhar 7.

Tá na táblaí ar fad a foilsíodh ó Dhaonáireamh 2006 curtha ar fáil ar shuíomh idirlín na POS ([www.cso.ie](http://www.cso.ie)). Tá táblaí ag leibhéal Toghranna, Ceantar Áitiúil Toghrinne agus do bhailte beaga ar fáil ar shuíomh idirlín na POS amháin.

### **Is féidir cóipeanna den fhoilseachán a fháil ach teagmháil a dhéanamh le:**

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Rannóg Eolais, Bóthar na Sceithe Airde, Corcaigh (021) 453 5011  
nó

Oifig Díolta Foilseacháin an Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2.

Praghas: €15.00

Is féidir cóipeanna a íoslódáil freisin ó shuíomh idirlín na POS (féach seoladh thíos).

### **Le tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le:**

Le tuilleadh eolais déan teagmháil le Shaun McLaughlin 01 895 1474 nó le Deirdre Cullen 01 895 1334.

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Campas Gnó Sord, Bóthar Bhaile Anraí, Sord, Co. Átha Cliath.

Fiosrúcháin an Daonáirimh	(01) 895 1460/61/63/66
Facs:	(01) 895 1399
Ríomh-phost:	census@cso.ie
Idirlíon:	www.cso.ie